

21 Iúil 2021

Ráiteas Tosaigh ó TG4 do Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.

Ag cruinniú Boird ar an 21 Meitheamh 2021, thug Bord TG4 a mbeannacht do Phlean, 'Fís tar éis Covid', atá mar aighneacht réamhbhuiséid ag TG4 do Bhuiséad 2022.

Chuir Bord, Bainistíocht agus Foireann TG4 an plean agus an aighneacht seo le chéile bunaithe ar an aighneacht a chuir TG4 chuig an gCoimisiún um Thodhchaí na Meán i Mí Eanáir 2021 agus ar idirphlé a bhí againn le go leor páirtithe leasmhara thar tréimhse fhada.

Creideann muid go bhfuil an bhliain seo ina pointe an-tábhachtach i stair agus i dtodhchaí TG4 agus muid ag ceiliúradh ár 25ú bliain ar an aer. Bliain thábhachtach í freisin chun todhchaí Meán Seirbhíse Poiblí na hÉireann (PSM) a athchothromú, a athmhúnlú agus a athshamlú. Pléann an Fhís an gá a bhaineann le seirbhís TG4 a neartú agus a dhoimhniú. Leagtar amach san aighneacht ocht bPríomhspríoc chomh maith le Tairgí agus Torthaí gaolmhara.

Is éard atá i gceist leis na hocht bPríomhspríoc:

1. Seirbhísí do pháistí
2. An lucht féachana 15-34
3. Acmhainní Oideachais
4. Nuacht agus Cúrsaí Reatha
5. Cultúr, Ealaíon agus Spórt
6. Drámaíocht agus Scannáin
7. Infheistíocht sa tionscal neamhspleách léiriúcháin
8. Inmharthanacht agus ionchuimsitheacht TG4

Ligfeadh ár bhFís tar éis Covid dúinn ár gceangal leis an lucht féachana óg a mhéadú, branda Nuacht TG4 láidir, nua-aimseartha agus iontaofa a thógáil, freastal níos fearr ar phobail na Gaeltachta agus na Gaeilge agus tacú le comhlachtaí cruthaitheacha réigiúnacha teacht trí ghéarchéim Covid-19 agus ár bpáirt a ghlacadh borradh a chur faoi shocháí na tíre arís. Chun Fís TG4 a bhaint amach, iarrann an aighneacht seo ar an Rialtas a chinntiú go ndéantar maoiniú leordhóthanach ar sholáthar meán seirbhíse poiblí na Gaeilge agus go mbunófar cothromaíocht mhaoinithe níos fearr in éiceachóras PSM na hÉireann.

Maidir le ábhar nuachta agus cúrsaí reatha, tá rún ag TG4 athshamlú a dhéanamh, i gcomhar le meitheal Nuacht TG4, ar an modh ina gcuirtear na seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha ar fáil. Taispeánann an taighde neamhspleách a rinne Ollscoil na hÉireann Gaillimh le deireanas gur mian le lucht féachana na Gaeilge:

- seirbhísí nuachta cuimsitheacha le dearcadh sainiúil “súil eile”, ina measc seirbhís nuachta reatha ar líne,
- dearcadh eagarthóireachta níos soiléire ar nuacht náisiúnta agus idirnáisiúnta,
- go gcuirfí le láidreachtaí reatha TG4 i nuacht áitiúil agus réigiúnach,
- infheistíocht in iriseoireacht iniúchta agus briseadh nuachta.

Mar bhranda meán cumarsáide seirbhíse poiblí, caithfidh TG4 fís agus straitéis neamhspleách so-aitheanta a bheith againn maidir le Nuacht agus Cúrsaí Reatha. Cuirim san áireamh ansin seirbhís ilardáin Nuachta faoi

bhranda faoi leith, aird ar an Eoraip agus ar an domhan ar fad, aip Nuacht TG4, agus seirbhísí nuachta do pháistí. Dá bhféadfaí dearcadh neamhspleách Nuacht TG4 a thabhairt chun cinn in athuir, chuirfeadh sin le éagsúlacht agus iolrachas sna foinsí nuachta sa tír seo agus chuirfeadh sé feabhas ar an bhfreastal a bheadh á dhéanamh ar mhuintir na hÉireann maidir le roghanna ábhair agus cur i láthair nuachta.

D'fhéadfadh Nuacht TG4 a bheith ina seirbhís shainiúil nuachta ach fós leas á bhaint as ár gceangal Nuachta le RTÉ. Sampla maith dá leithéid sin is ea Channel 4 News agus Channel 5 News sa Ríocht Aontaithe. Is é ITN (an rannóg nuachta ag ITV) a chuireann na seirbhísí nuachta ar fáil don dá chainéal ach bíonn branda agus dearcadh Nuachta faoi leith ag ITV, C4 agus C5. Tá rún againn oibriú i gcomhar le RTÉ chun seirbhísí nuachta TG4 a fhorbairt. Beidh gá le neamhspleáchas iomlán eagarthóireachta ag TG4 maidir leis na cláracha nuachta agus cúrsaí reatha a thagann faoi bhranda Nuacht TG4. Tá mise den tuairim gur féidir oibriú le RTÉ chun aisling Nuacht TG4 a thabhairt i gcrích ach, sa chás nach féidir, beidh orainn teacht ar chur chuige níos bunúsaí.

Aithníonn ár bPlean, 'Fís tar éis Covid', áfach nach leor na huairéanta teilifíse nuachta agus cúrsaí reatha ó RTÉ chun branda láidir Nuacht TG4 a chruthú. Tá de sprioc againn ardú de €1.83m a chur ar chaiteachas bliantúil TG4 féin ar ábhar nuachta agus cúrsaí reatha faoin mbliain 2025, ionas go gcuirfead bunathrú ar an tseirbhís don lucht féachana. Cuirfidh infheistíocht i nuacht ar líne ar chumas TG4 tráchtairacht níos fearr a dhéanamh ar chúrsaí áitiúla, ábhar atá pearsantaithe don duine indibhidiúil agus podchraoltóireacht nuachta agus cúrsaí reatha a chur ar fáil.

Mar chuid den infheistíocht nua, ceapfar foireann eagarthóireachta Nuacht TG4 a mbeidh an cúram orthu seirbhísí nuachta agus cúrsaí reatha TG4 a fhorbairt agus a chur ar fáil. Déanfar infheistíocht maidir le breis iriseoirí réigiúnacha agus cothófar meitheal iriseoirí nua cumasacha agus tuairisceoirí pobail le Gaeilge ionas go ndéantar forbairt ar inniúlacht TG4 maidir le nuacht pobail, Gaeltachta agus réigiúnach. Déanfaidh TG4 infheistíocht freisin ionas go mbeifear in acmhainn cláracha iniúchta cúrsaí reatha a léiriú, rud a chuirfidh le réimse na gcláracha cúrsaí reatha a chuirtear ar fáil in Éirinn.

Tá mé ag súil go mór leis na hábhair seo a phlé tuilleadh leis an gCoiste.

Le meas agus buíochas,



Alan Esslemont
Ard-Stiúrthóir TG4
Director General TG4